Cad is píchairt ann?

Taispeánann muid eolas (sonraí) i gciorcal ar phíchairt.

Tá an ciorcal déanta de **theascóga**, agus seasann gach teascóg do chatagóir ar leith.

Cad chuige a mbaineann muid úsáid as píchairt?

Baineann muid úsáid as píchairt le **sonraí a chur i gcomparáid lena chéile.**
Tá sé furasta an chatagóir is coitianta agus/nó is neamhchoitianta a fheiceáil ar phíchairt.

Rewarding Learning

Ciall a bhaint as píchairt



Ciall a bhaint as píchairt ar a bhfuil teascóga cothroma marcáilte

1. Cuntais na teascóga sa chiorcal iomlán
2. Cuntais na teascóga sa chatagóir atá de dhíth ort
3. Scríobh sin mar chodán den líon iomlán
4. Oibrigh amach an codán

Mar shampla, cá mhéad den 200 duine ar fearr leo cabáiste?

Baineann 2 theascóg as 10 le cabáiste

Mar sin de, seo an codán ar fearr leo cabáiste: $\frac{2}{10} = \frac{1}{5}$

Seo líon na ndaoine ar fearr leo cabáiste: $\frac{1}{5}$ **de 200 = 200 ÷ 5 = 40**

An Glasra is Fearr Linn



Píchairt a tharraingt ar theimpléad ar a bhfuil na teascóga marcáilte

Comhdhéanamh Sailéad Torthaí

Torthaí	Líon
Sú talún	4
Úll	2
Pluma	3
Banana	1
Iomlán	**10**

1. Faigh líon iomlán na gcodanna
2. Roghnaigh teimpléad a bhfuil an líon sin teascóg air
3. Dathaigh na teascóga leis na codanna éagsúla a thaispeáint
4. Cuir **teideal** agus **eochair** leis

Comhdhéanamh Sailéad Torthaí



Leibhéal 3

An rud is coitianta/is neamhchoitianta a aithint ar phíchairt shimplí.

Leibhéal 4

Na catagóirí a liostú in ord, ón cheann is coitianta go dtí an ceann is neamhchoitianta. ½ agus ¼ den phíchairt a aithint.

Leibhéal 5

Maidir le píchairt ar a bhfuil teascóga cothroma marcáilte, an codán/minicíocht a léiríonn teascóg a oibriú amach.

© CCEA 2024